AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2024
COM(2024) 474 final

ANNEX 5

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

Iarscríbhinn V: Faighteoirí deiridh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

Déantar soiléiriú breise san iarscríbhinn seo ar choincheap na bhfaighteoirí deiridh faoi Rialachán STA, agus ar raon feidhme fhoilsiú na sonraí maidir leis an 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an méid is mó cistithe chun bearta faoi STA a chur chun feidhme, mar a cheanglaítear le hAirteagal 25a de Rialachán STA.

Cé is faighteoir deiridh faoi STA?

Sainmhíniú

Eascraíonn an sainmhíniú ar fhaighteoirí deiridh go díreach ó Airteagal 22, mír 2, pointe (d) de Rialachán STA. I gcomhréir leis an bhforáil sin, is é faighteoir deiridh an t- eintiteas deireanach a fhaigheann cistí do bheart STA nach conraitheoir ná fochonraitheoir é. Ní mór é sin a idirdhealú ó na tairbhithe, arb iad na Ballstáit iad faoin tSaoráid. In éagmais sainmhíniú difriúil ar fhaighteoirí deiridh in airteagail eile de Rialachán STA, ní mór an sainmhíniú ar Airteagal 22, mír 2, pointe (d) a chur i bhfeidhm go córasach agus forálacha eile den Rialachán á léirmhíniú, go háirithe Airteagal 25a de, i gcomhréir le prionsabail léirmhíniúcháin choiteanna agus chun cur chun feidhme aonfhoirmeach agus comhsheasmhach an Rialacháin a áirithiú.

Éilíonn roinnt príomhthéarmaí a bhaineann leis an sainmhíniú míniú níos mionsonraithe:

- '*an t- eintiteas deireanach*': Is féidir le faighteoir deiridh a bheith ina dhuine nádúrtha (e.g. saoránach) nó ina dhuine dlítheanach (e.g. aireacht, gníomhaireacht phoiblí, údarás réigiúnach nó áitiúil, comhlachas, carthanas, nó gnó). Níor cheart a mheas gurb iad faighteoirí idirghabhálacha cistithe (e.g. aireachtaí nó gníomhaireachtaí nach iad an t- údarás conarthach iad ach nach bhfuil iontu ach cistí a dháileadh a thuilleadh) an t- eintiteas deireanach (féach freisin an roinn thíos chun tuilleadh treoraíochta a fháil).
- '*cistí a fháil*': Chun go measfar gur faighteoir deiridh é an t- eintiteas, ba cheart aistriú airgeadaíochta a bheith faighte aige[1] chun na gcríoch a léirítear sa bheart ábhartha STA mar a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.
- '*le haghaidh beart STA*': tá cistí á bhfáil ag an bhfaighteoir deiridh ón mbuiséad náisiúnta chun beart a chur chun feidhme sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

[1] I gcás inar údarás poiblí (réigiúnach/áitiúil) é an faighteoir deiridh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh aistriú airgeadaíochta ann i gcónaí idir na húdaráis phoiblí éagsúla. Dá bhrí sin, sna cásanna sin, féadfar leithdháileadh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí buiséadacha a chumhdach leis sin freisin, i.e. na méideanna a chuirtear ar fáil i mbuiséad chun íocaíochtaí a chur i gcrích i gcomhréir le gealltanais bhuiséadacha.

- '*nach conraitheoir ná fochonraitheoir é*': Luaitear in Airteagal 22, mír (2), pointe (d) de Rialachán STA gur eintitis ar leithligh ó chonraitheoirí agus ó fhochonraitheoirí iad faighteoirí deiridh[2].

Go sonrach i ndáil leis an liosta den 100 faighteoir deiridh is mó, ceanglaítear le hAirteagal 25a, mír (2), pointe (c), go n- áireofar '*an méid a fhaigheann gach faighteoir*' san fhaisnéis a fhoilsítear. Sa chomhthéacs sin, ní leor gealltanas cistí agus gan ach gealltanas dlíthiúil a shíniú (e.g. conradh a dhámhachtain) d'fhaighteoir deiridh chun a shuí go bhfuarthas méid, ós rud é gur cheart an fhoráil sin (agus sainaithint cheart na bhfaighteoirí deiridh a fuair an méid is airde) a bheith bunaithe ar íocaíochtaí a rinneadh[3].

Údaráis phoiblí

Ní mór é a chinneadh ar **bhonn beart ar bheart** cé hé an faighteoir deiridh, lena n- áirítear más é údarás poiblí an t- eintiteas deireanach a fhaigheann cistí (seachas conraitheoir nó fochonraitheoir). Sampla amháin ina bhféadfaí a mheas gurb é údarás poiblí an faighteoir deiridh ná ospidéal poiblí a thógáil má fhaigheann an t- údarás poiblí cistí agus má shíníonn sé conarthaí tógála dírí le conraitheoirí gan baint a bheith aige le tuilleadh idirghabhálaithe.

Os a choinne sin, má chuireann an t- údarás poiblí de chúram ar eintiteas eile na conarthaí is gá a shíniú chun an beart a chur chun feidhme, ionas nach síneoidh an t- údarás poiblí conarthaí díreacha leis na conraitheoirí, ba cheart an t- eintiteas sin a fhaigheann cistí agus a shíníonn na conarthaí a mheas mar an faighteoir deiridh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina n- úsáideann an t- údarás poiblí gníomhaireacht ar leithligh chun beart a chur chun feidhme, lena n- eagraítear an glao ar thairiscintí agus lena sínítear na conarthaí leis an gconraitheoir.

I gcás comhlachtaí cur chun feidhme a bhainistíonn cistí (e.g. cláir chistiúcháin indíreacha do FBManna a bhainistiú, nó gníomhaireacht rialtais a bhainistíonn sreafaí íocaíochta chuig údaráis phoiblí eile), ní mheastar de ghnáth gur faighteoirí deiridh birt ar leith iad sin mar gheall ar na cúiseanna a mhínítear thuas.

Tá cásanna ann freisin inar féidir le húdarás poiblí dhá ról a bheith aige, cistí a bhainistiú le haghaidh beart amháin agus a bheith ina fhaighteoir deiridh ag údarás poiblí eile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara sa chás seo, nach measfar gur faighteoir deiridh an chéad bhirt é an t- údarás poiblí, ach gur cheart é a mheas mar fhaighteoir deiridh an bhirt eile.

[2] I gcás ina síníonn údarás conarthach conarthaí go díreach leis na conraitheoirí chun beart STA a chur chun feidhme, is é an t- údarás conarthach sin an faighteoir deiridh (féach samplaí breise de na heintitis phoiblí a bheith ina bhfaighteoirí deiridh de bhearta STA thíos)). D'fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin ina n- úsáideann gníomhaireacht nó cuideachta phríobháideach ar leithligh conraitheoirí, agus sa chás sin ba cheart an ghníomhaireacht nó an chuideachta phríobháideach a mheas mar an faighteoir deiridh.

[3] Tá sé sin gan dochar don oibleagáid a shonraítear in Airteagal 22(2)(d)(i) – (iii) de Rialachán STA chun sonraí a bhailiú maidir le faighteoirí deiridh, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla chun críche iniúchóireachta agus rialaithe agus chun faisnéis inchomparáide a sholáthar maidir le húsáid cistí atá ag céim an ghealltanais cheana féin (i.e., nuair a thugtar an comhaontú deontais nó an conradh i gcrích).

Cé go mbeidh gá i gcónaí cinneadh a dhéanamh maidir le cé hé an faighteoir deiridh ar bhonn beart ar bheart, ar bhonn an tsainmhínithe a leagtar amach thuas, cuirtear roinnt samplaí den chás inar údarás poiblí é an faighteoir deiridh i láthair thíos. I ngach cás den sórt sin, is é an comhlacht poiblí an t- eintiteas deireanach a fhaigheann cistí do bheart STA nach conraitheoir ná fochonraitheoir é:

1. **In infheistíocht atá go hiomlán poiblí**, **i gcás ina bhfaigheann comhlacht poiblí cistí do bheart STA a théann chun tairbhe don réimse poiblí**. Mar shampla, ainmnítear Aireacht Bonneagair agus Iompair na Gréige mar an faighteoir deiridh chun Mórbhealach na Gréige Láir a thógáil, ach ní faighteoirí deiridh iad conraitheoirí ná fochonraitheoirí an tionscadail mhórbhealaigh. I sampla eile, sa Ghearmáin, is iad aireachtaí oideachais réigiúin chónaidhme éagsúla na Gearmáine faighteoirí deiridh chistí STA a úsáideann siad chun na gléasanna digiteacha atá á soláthar do scoileanna aonair atá faoi úinéireacht phoiblí a cheannach.
2. **I gcás ina bhfaigheann comhlacht poiblí cistí do bheart STA a bhaineann le seirbhísí a sholáthar don earnáil phríobháideach agus/nó do shaoránaigh.** Tá dhá chás ann:
   i. Is **féidir leis an gcomhlacht poiblí an tseirbhís a sholáthar é féin,** mar is amhlaidh i gcás an ionaid oideachais Bhith-theicniúil Liúibleána a chuirfidh cúrsaí oiliúna ar fáil do mheantóirí i gcuideachtaí, nó i gcás Ionaid Leighis Acadúla Amstardam agus Maastricht san Ísiltír, a fhaigheann an fóirdheontas chun seirbhísí ríomhshláinte a chur ar fáil d'othair ina dtithe.
   ii. D'fhéadfadh an comhlacht poiblí **soláthar na seirbhísí a sheachfhoinsiú,** mar is amhlaidh i gcás Údarás um Dhigiteáil na Rómáine, atá ag maoiniú cláir lena gceadaítear rochtain ar uas-sciliú/athsciliú fostaithe FBManna bunaithe ar na hiarratais arna gcur isteach ag a bhfostóirí, agus an oiliúint á soláthar ag gnólachtaí oiliúna roghnaithe (a íocann an tÚdarás um Dhigiteáil na Rómáine go díreach as a gcuid seirbhísí). Is conraitheoirí iad na gnólachtaí oiliúna sin, dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur faighteoirí deiridh iad.

In (i) agus (ii) araon, is iad na faighteoirí deiridh na comhlachtaí poiblí a fhaigheann cistí do bhearta STA ábhartha.

Cuideachtaí sealbhaíochta

I gcás cuideachta sealbhaíochta, a bhfuil roinnt cuideachtaí faoi úinéireacht/rialú aici, ní mór measúnú a dhéanamh ar **bhonn cás ar chás** an bhfuil grúpa cuideachtaí ina fhaighteoir deiridh amháin chun críocha Rialachán STA.

Má dhámhtar an conradh, an deontas nó an ionstraim choibhéiseach ar an gcuideachta shealbhaíochta, braitheann cinneadh cé hé an faighteoir deiridh ar an mbonn ar dámhadh an

conradh, an deontas nó an ionstraim choibhéiseach. Má dámhadh é ar an gcuideachta shealbhaíochta 'amháin' (i.e. ní ar chuideachta amháin ná ar roinnt cuideachtaí atá mar chuid den ghrúpa), níl san fhaighteoir deiridh ach an chuideachta shealbhaíochta. Dá ndámhfaí é go díreach ar chuideachtaí atá mar chuid den ghrúpa, mheasfaí na heintitis rannpháirteacha uile a bheith ina bhfaighteoirí deiridh freisin. Má dámhadh é ar an bhfochuideachta (i.e. seachas an chuideachta sealbhaíochta nó na cuideachtaí atá mar chuid den ghrúpa), is í an fhochuideachta sin an faighteoir deiridh.

Faighteoirí deiridh athchóirithe agus bearta saor ó chostas

Is éard is 'bearta saor ó chostais' ann bearta nár chuir na Ballstáit aon chostas a rabhthas ag súil leis san áireamh ina leith sa 'mheastachán costais' ex ante a cuireadh isteach lena bpleananna téarnaimh agus athléimneachta[4]. Cé go gcumhdaítear athchóirithe leis sin den chuid is mó, tá cásanna den sórt sin ann freisin le haghaidh infheistíochtaí.

Ní dhéantar idirdhealú i Rialachán STA idir bearta a chuimsigh na costais a rabhthas ag súil leo agus bearta nár chuimsigh na costais a rabhthas ag súil leo. I ndáil leis sin, tá feidhm ag oibleagáidí a bhfuil feidhm acu maidir le bearta STA i dtaca le bailiú agus stóráil sonraí faoi fhaighteoirí deiridh gan beann ar cé acu a bhí nó nach raibh coinne leis na costais a bhainfeadh le beart. I gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán STA, is é an rud is tábhachtaí ná an raibh '*úsáid cistí i ndáil le bearta a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid*'[5] ann inar cheart 'cistí' a thuiscint mar aon chistiú poiblí a fuarthas i ndáil le bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, bíodh sé ó fhoinsí náisiúnta nó ó fhoinsí de chuid an Aontais (gan a bheith teoranta do STA), i gcomhréir leis an méid dá bhforáiltear in Airteagal 22(2), pointe (d)(iv).

- A mhéid a bhainfear úsáid den sórt sin as cistí poiblí (beag beann ar an gcostas a rabhthas ag súil leis), ba cheart eintitis arb iad na heintitis dheireanacha iad a fuair cistí den sórt sin a mheas mar fhaighteoirí deiridh.
- A mhéid nach mbaintear úsáid den sórt sin as cistí poiblí (beag beann ar an gcostas a rabhthas ag súil leis), níl aon fhaighteoir deiridh ann.

Cé nach dtugtar isteach le Rialachán STA aon idirdhealú a bhfuil impleachtaí dlíthiúla aige idir athchóirithe agus infheistíochtaí, glactar leis, i gcás athchóirithe, nach bhfuil caiteachas náisiúnta i gceist le hathchóirithe saor ó chostas. Is féidir toimhde den sórt sin a bhréagnú má

[4] Tá bearta i go leor pleananna téarnaimh agus athléimneachta nach bhfuil aon chostas measta curtha ar aghaidh ag an mBallstát ina leith, ar a dtugtar 'bearta saor ó chostas'. Cé nach méadaíonn cuimsiú beart saor ó chostas leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit, nascann sé eisíocaíocht thacaíocht STA le baint amach na gcloch míle agus na spriocanna atá nasctha le cur chun feidhme na mbeart sin.

[5] Tá an méid sin gan dochar d'Airteagal 9 de Rialachán STA, lena bhforáiltear go '*bhféadfaidh athchóirithe agus tionscadail infheistíochta tacaíocht a fháil ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna.*' Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le cistiú dúbailte a d'fhéadfadh a bheith ann, mura bhfuil aon chostas dearbhaithe ag an mBallstát faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta – i.e. is beart saor ó chostas é – de réir sainmhínithe, ní féidir aon chistiú dúbailte a bheith ann do bheart den sórt sin.

dhéantar foráil shoiléir sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le caiteachas náisiúnta (e.g. soláthar a dhéanamh chun staidéar a chur ar fáil).

Raon feidhme an tuairiscithe chun sonraí a fhoilsiú maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó

I gcomhréir le hAirteagal 25a de Rialachán STA, ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar an 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an méid is airde cistiúcháin faoi STA. Chuige sin, ba cheart an cistiú comhiomlán a fuarthas chun aon bheart lena dtacaítear le STA a chur chun feidhme (bíodh tacaíocht inaisíoctha nó neamh-inaisíoctha ag tacú leis) thar shaolré STA a chur san áireamh, i.e. an cistiú poiblí uile is gá chun an chloch mhíle/na clocha míle nó an sprioc/na spriocanna ábhartha faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chur chun feidhme. Ba cheart méid an chistithe a fuarthas a ríomh ar bhealach carnach ón 1 Feabhra 2020 go dtí tráth an tuairiscithe do gach faighteoir deiridh, ar fud na mbeart uile a fhaigheann tacaíocht ó STA.

Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar aon bheart a áirítear ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i gcás ina ndearnadh eisíocaíocht cheana le faighteoir deiridh, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha curtha i gcrích cheana féin ag an mBallstát, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarraidh ar íocaíocht curtha isteach aige, nó cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cistiú faighte aige faoin tSaoráid. Is amhlaidh atá toisc go bhfaigheann na Ballstáit eisíocaíochtaí ex post a luaithe a bheidh measúnú déanta ag an gCoimisiún gur comhlíonadh clocha míle agus spriocanna ábhartha go sásúil (agus go neamhspleách ar aon chaiteachas a tabhaíodh).

Sonraí atá le soláthar

Sonraítear in Airteagal 25a de Rialachán STA na sonraí is gá a fhoilsiú, eadhon:

a. i gcás duine dlítheanach, ainm dlíthiúil iomlán agus uimhir aitheantais CBL nó uimhir aitheantais cánach an fhaighteora, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, nó aitheantóir eile uathúil arna shuí ar an leibhéal náisiúnta;
b. i gcás duine nádúrtha, ainm agus sloinne an fhaighteora;
c. an méid a fuair gach faighteoir, chomh maith leis na bearta gaolmhara a bhfuair Ballstát an cistiú ina leith faoin tSaoráid.

Ina theannta sin, sa bhreis ar cheanglais Rialacháin STA, moltar do na Ballstáit faisnéis bhreise a chur ar fáil maidir leis na tionscadail shonracha a fhaigheann cistí óna bplean téarnaimh agus athléimneachta (e.g. suíomh, staid an chur chun feidhme, an méid a fuarthas), rud a chuirfidh le léarscáil idirghníomhach na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ó STA atá ar fáil ar shuíomh gréasáin STA.

Féadfaidh na Ballstáit liosta a fhoilsiú a théann thar an íosmhéid 100 a leagtar síos le Rialachán STA.

Cathain is ceart tuairisc a thabhairt

Le Rialachán leasaithe STA, ní leagtar síos sprioc-am sonrach do na Ballstáit chun na sonraí maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó (ar a laghad) a thabhairt cothrom le dáta. Mar sin féin, tugtar isteach leis oibleagáid ar na Ballstáit na sonraí foilsithe sin a thabhairt cothrom le dáta dhá uair sa bhliain. Ós rud é nach mór don Choimisiún na sonraí a lárú agus a fhoilsiú, d'iarr sé ar na Ballstáit na sonraí a fhoilsítear ar a dtairseacha náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta agus na sonraí nuashonraithe sin a chomhroinnt leis an gCoimisiún an tráth céanna leis an gcleachtadh tuairiscithe débhliantúil, i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair.

Breithnithe maidir le sonraí pearsanta chun sonraí a fhoilsiú maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó

I gcomhréir le hAirteagal 25a(4) de Rialachán STA, agus chun comhréireacht agus urraim don phríobháideachas a áirithiú, i gcás inar daoine nádúrtha iad na faighteoirí deiridh, i gcás ina bhfoilsítear sonraí pearsanta, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann an fhaisnéis a bhaint 2 bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh an cistiú leis an bhfaighteoir deiridh. Níl feidhm ag an bhforáil sin ach amháin nuair a fhoilsítear sonraí pearsanta, rud a chiallaíonn nuair is duine nádúrtha é an faighteoir deiridh. Thairis sin, níl feidhm ag an bhforáil ó dháta an fhoilsithe ach '*dhá bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar soláthraíodh an cistiú don fhaighteoir deiridh*.' Ceanglaítear leis sin nár cheart na sonraí a scriosadh dhá bhliain tar éis a *bhfoilsithe*, ach dhá bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais ina bhfuair an faighteoir sin cistiú STA go deireanach.

Ní mór do na Ballstáit na sonraí a thabhairt cothrom le dáta dhá uair sa bhliain agus is féidir leo rogha a dhéanamh seantacair sonraí a scriosadh tar éis dhá bhliain (ach amháin má áirítear sonraí pearsanta sna tacair sonraí sin, agus sa chás sin ba cheart na sonraí sin a scriosadh, féach an mhír roimhe seo). Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil taifid le coimeád fiú tar éis na sonraí thuas a scriosadh ón bhfearann poiblí, i gcomhréir le hAirteagal 132 den Rialachán Airgeadais, dá dtagraítear freisin in Airteagal 11(1)(d) den Chomhaontú Maoiniúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 20(1)(d) den Chomhaontú Iasachta.

Mar sin féin, ba cheart leanúint d'fhaisnéis a bhaintear ar an mbonn sin a chur san áireamh agus méid comhdhlúite na gcistí a fhaightear á ríomh, i gcás ina bhfaigheadh an duine nádúrtha céanna cistiú breise.

Ina theannta sin, tá roinnt eisceachtaí maidir le foilsiú sonraí, dá bhforáiltear in Airteagal 25a(3) de Rialachán STA, ag tagairt d'Airteagal 38(3) den Rialachán Airgeadais, infheidhme maidir le STA. Baineann siad sin leis na cásanna seo a leanas:

- tacaíocht oideachais a íoctar le daoine nádúrtha agus aon tacaíocht dhíreach eile a íoctar leis na daoine nádúrtha is mó atá i ngátar amhail daoine dífhostaithe agus dídeanaithe (Airteagal 191(4)(b) Rialachán Airgeadais).
- conarthaí ar luach an-íseal arna ndámhachtain do shaineolaithe a roghnaítear ar bhonn a n- acmhainneachta gairmiúla (Airteagal 237(2) den Rialachán Airgeadais) chomh maith le conarthaí ar luach an-íseal faoi bhun EUR 15 000 (an méid dá dtagraítear i bpointe 14,4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais).
- tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil trí ionstraimí airgeadais, i gcás méid níos ísle ná EUR 500 000.
- i gcás inar baol nochtadh na faisnéise sin do chearta agus saoirsí na ndaoine nó na n- eintiteas lena mbaineann, mar a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nó i gcás ina ndéanann sé dochar do leasa tráchtála na bhfaighteoirí.

In Airteagal 25a(3) de Rialachán STA, agus de réir cleachtas riaracháin, ní cheanglaítear faisnéis a fhoilsiú maidir le faighteoirí deiridh na tacaíochta airgeadais arna deonú faoi bhainistíocht dhíreach le haghaidh méideanna faoi bhun EUR 15 000 (cf. an díolúine tuairiscithe faoin Rialachán Airgeadais le haghaidh 'conarthaí ar luach an-íseal arna ndámhachtain do shaineolaithe arna roghnú ar bhonn a n- acmhainneachta gairmiúla (Airteagal 237(2) den Rialachán Airgeadais) chomh maith le conarthaí ar luach an-íseal faoi bhun EUR 15 000').

In aon chás, ní dócha go mbeidh faighteoirí luachanna ísle den sórt sin ar liosta an 100 faighteoir deiridh is mó a gceanglaítear ar na Ballstáit iad a fhoilsiú faoi Rialachán STA.

Breithnithe maidir leis na méideanna atá le tuairisciú chun sonraí a fhoilsiú maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó

Ba cheart méid chistí STA a fhaigheann faighteoir deiridh dá dtagraítear in Airteagal 25a, mír (2), pointe (c) a thuairisciú in EUR. Ba cheart méideanna a fhaightear in airgeadraí eile a chomhshó go EUR agus úsáid á baint as an ráta comhshó míosúil is déanaí a úsáideann an Coimisiún Eorpach (Inforeuro: https://commission.europa.eu/funding-tenders/procedures-guidelines-tenders/information-contractors-and-beneficiaries/exchange-rate-inforeuro_ga) de réir mar is infheidhme maidir leis an dáta tuairiscithe, i.e. ba cheart an ráta comhshó is infheidhme a roghnú chomh gar agus is féidir don dáta tuairiscithe.